Is é atá in Acht na Mionghnólachtaí (AMG) ná príomh-thionscnamh beartais FBM an AE, a chuimsíonn deich bprionsabal ar chóir dóibh cruthú agus cur i bhfeidhm beartais a threorú san Aontas Eorpach agus ina chuid Ballstát. Tá na prionsabail seo lárnach maidir le forbairt na mbileog fíricí. Cuireann an chéad chuid síos ar thábhacht agus ar struchtúr na FBM sa tír. I gcuid 2 agus 3 déantar anailís, do gach ceann de na prionsabail AMG, ar shuíomh na tíre i gcomparáid le meánshuíomh an AE, agus i gcuid 4 tugtar forbhreathnú d'fhorbairtí beartais atá bunaithe ar na prionsabail chéanna agus tugann cuid 5 sampla den dea-chleachtas.
Cabhraíonn na Bileoga Fíricí do gach tír le monatóireacht ar chur i bhfeidhm an AMG ag an leibhéal náisiúnta. Ní ionstraimí neamhspleácha iad Bileoga Fíricí an AMG, áfach. Ní chomhdhéanann siad measúnú cuimsitheach de bheartas na mBallstát, agus ba chóir breathnú orthu mar **fhorlíon leis** na foilseacháin náisiúnta atá ar fáil, seachas **ionadach dóibh**. Déan tagairt, le do thoil, don nóta modheolaíoch sula léann tú an Bhileog Fhíricí AMG seo.
Is féidir teacht ar fhaisnéis faoi fheidhmíocht gach tíre a chlúdaítear ag an gcleachtadh seo, chomh maith leis na bileoga fíricí ar fad do na tíortha aonair, ag:
http://ec.europa.eu/enterprise/policies/sme/facts-figures-analysis/performance-review/index_en.htm

1. FBM in Éirinn – bunfhigiúirí

FBM Éire: bunfhigiúirí, geilleagar gnó neamhairgeadais, 2008 meastacháin

	Fiontair			Fostaíocht			Breisluach		
	Éire		*EU-27*	Éire		*EU-27*	Éire		*EU-27*
	Líon	Cuid	*Cuid*	Líon	Cuid	*Cuid*	Billiún €	Cuid	*Cuid*
Micri	79 924	82.8%	*91.8%*	233 851	20.9%	*29.7%*	14	14.6%	*21.0%*
Beag	13 573	14.1%	*6.9%*	275 076	24.6%	*20.7%*	14	14.4%	*18.9%*
Meánmhéide	2 611	2.7%	*1.1%*	256 864	23.0%	*17.0%*	22	22.7%	*18.0%*
FBM	**96 108**	**99.5%**	***99.8%***	**765 791**	**68.5%**	***67.4%***	**49**	**51.7%**	***57.9%***
Mór	463	0.5%	*0.2%*	351 925	31.5%	*32.6%*	46	48.3%	*42.1%*
Iomlán	**96 571**	**100.0%**	***100.0%***	**1 117 716**	**100.0%**	***100.0%***	**95**	**100.0%**	***100.0%***

Tagraíonn na sonraí don gheilleagar gnó neamhairgeadais (NACE C-I, K).
Forbraíodh na meastacháin ag Taighde Gnó agus Beartais EIM, bunaithe ar fhigiúirí Staitisticí Gnó Struchtúrtha Eurostat 2006.

Laistigh d'earnáil FBM na hÉireann[1] is beag micrifhiontar atá le fáil. Tá céatadán na bhfiontar beag dhá huair níos airde ná meánfhigiúr an AE agus tá céatadán na bhfiontar meánmhéide cuid mhór níos airde freisin. Tá cuid FBM na hÉireann i ngach fiontar mar an gcéanna le meánfhigiúr an AE, go bunúsach.

Cé nach bhfuil líon na ndaoine atá fostaithe in FBM in Éirinn (69%) ach rud beag níos airde ná meánfhigiúr na hEorpa (67%) tá difríochtaí le sonrú laistigh d'earnáil na FBM: tá líon na bhfiontar meánmhéide, atá níos airde ná an meán, tá sé ina chabhair cuid mhór níos airde ó thaobh giniúint fhostaíochta de.

[1] Fuarthas na figiúirí sa chlár, a chlúdaíonn sonraí ag an leibhéal náisiúnta chomh maith le comhbhailiú EU-27, ó shonraí Eurostat SBS 2006, tar éis meastacháin agus modheolaíochta tuar-ar-an-toirt a forbraíodh ag Taighde Gnó agus Beartais EIM. Le tuilleadh sonraí a fháil, féach, le do thoil, an nóta modheolaíoch atá le fáil in éineacht leis an mbileog eolais. Is é an buntáiste a bhaineann le húsáid sonraí Eurostat ná go ndearnadh na staitisticí ó thíortha éagsúla a chomhchuibhiú agus tá siad inchomparáide ar fud tíortha éagsúla. Is é an míbhuntáiste ná go mbíonn na sonraí seo éagsúil ó na sonraí a fhoilsítear ag na húdaráis náisiúnta.

Líon na FBM, innéacs, 2002 = 100



Ó 2002 go 2008 chuaigh líon na bhfiontar i méid faoi 18 000 (23 %), líon atá an-ard ar fad i gcomparáid le meánfhás an AE (13 %).

Fostaíocht sna FBM, innéacs, 2002 = 100



B'ionann an fás i réimse fostaíochta na FBM agus an fás i líon na bhfiontar; 21 % an figiúr atá i gceist, atá i bhfad níos airde ná meán an AE.

Breisluach a cruthaíodh ag na FBM, innéacs, 2002 = 100



D'athraigh breisluacha de FBM na hÉireann cuid mhór idir 2002 agus 2008. Leathb-healaigh tríd an tréimhse seo bhí a leibhéal i bhfad os cionn meán an AE (23 % le hais 12 %), ach i 2006 chuaigh sé i laghad; sa deireadh thiar thall bhí an ráta ag leath de mheánráta fáis an AE sa tréimhse ar fad (13 % le hais 28 %).

2. Próifíl AMG na hÉireann

Cuireann an t-alt seo i láthair prionsabail éagsúla an AMG, ag cur na figiúirí d'Éirinn i gcomparáid le meánfhigiúr EU-27. Faoi mar a thaispeántar sa chairt, tá meánfhigiúirí tíre ar fáil do na prionsabail AMG seo a leanas: 'Fiontraíocht', 'Riarachán sofhreagrach', 'Margadh aonair', 'Scileanna agus nuálaíocht' agus 'Idirnáisiúnú'. Bunaithe ar na scóir do na réimsí AMG seo, tá Éire níos rafaire ná meán an AE. Maidir le 'Scileanna agus nuálaíocht', tá feidhmíocht na hÉireann i bhfad níos airde ná meán an AE, agus sna réimsí eile tá feidhmíocht na hÉireann níos fearr ná meánfheidhmíocht an AE.



Féach an t-aguisín do chur síos gairid modheolaíoch.

I. Fiontraíocht

San iomlán tá feidhmíocht na hÉireann níos fearr ná meánfheidhmíocht an AE mar gheall ar fhigiúirí an phrionsabail AMG seo.

Tá sin amhlaidh, den chuid is mó, mar gheall ar leibhéil os cionn an mheáin a bheith bainte amach: innéacs iomlán gníomhaíochta fiontraíochta (7.6 le hais 5.8), mian a bheith ag daoine bheith féinfhostaithe (37 % den daonra le hais 31 % san AE), ráta rannpháirtíochta san oideachas fiontraíochta agus céatadán níos airde daoine a thosaíonn gnólacht ós rud é gur thug siad deis faoi deara (68 % le hais 58 %). Tá na scóir don ráta reatha fiontraíochta de réir fheidhmíocht na hEorpa (tomhaiste mar chéatadán saoránach a chuir tús le gnólacht riamh nó atá i mbun tús a chur le ceann), innéacs fiontraíochta sa todhchaí (cuid an daonra aosaigh a bhfuil sé beartaithe acu tús a chur le gnólacht sna 3 bliana atá amach romhainn), agus an méid a bhí an t-oideachas scoile ina chabhair le dearcadh fiontraíochta a fhorbairt. Is ábhar iontais é go gcomhlánaítear an suíomh seo ag cóimheas fiontraíochta deis-go-riachtanas atá níos lú ná an meánráta.

Feidhmíonn gach táscaire breise atá ar fáil don phrionsabal AMG cé acu de réir an mheánráta nó os a chionn, m.sh. clúdach meáin chumarsáide do ghnólachtaí nua (aontaíonn 65 % gur minic a chuireann meáin chumarsáide na hÉireann béim ar ghnólachtaí rafara nua ina gcuid clúdaigh, i gcomparáid le 51 % sa mheán san AE.

II. Dara deis

Tugann an líon beag táscairí atá le fáil don réimse AMG seo íomhá dhearfach le fios. Tá dhá chinn as na trí cinn níos fearr ná an meánráta AE, is é sin le rá an méid tacaíochta do cheadú an dara deis (87 % le hais 80 %) agus an méid ama a theastaíonn le gnólacht a dhúnadh (ós rud é gur tréimhse 0.4 bliana atá i gceist seo an tréimhse is giorra san AE ar fad, ina bhfuil meántréimhse de 2.1 bliain i gceist). Os a choinne sin tá an costas a theastaíonn le gnólacht a dhúnadh fós ag 9 %, de réir meánráta an AE ag 10.7 %.

III. Smaoinigh beag ar dtús

Tugann an líon beag táscairí atá ar fáil don réimse AMG seo feidhmíocht atá níos fearr ná an mheánfheidhmíocht le fios, mar a bhfuil an céatadán daoine a thacaíonn leis na rialacháin reatha cuid mhór níos airde ná meánráta an AE (56 % vs. 34 %) agus tréimhse atá níos giorra, roinnt, le dualgais riaracháin a chomhlíonadh. Tá líon na FBM a raibh deacrachtaí acu maidir le rialacháin riaracháin le dhá bhliain anuas de réir meánráta na EU-27.

IV. Riarachán sofhreagrach

San iomlán cuireann na figiúirí don phrionsabal AMG seo Éire os cionn meánráta EU-27. Níl íomhá chomhsheasmhach le fáil bunaithe ar fheidhmíochtaí na dtáscairí aonair, áfach. Baineann feidhmíocht dhearfach na dtáscairí le costais tionscnaimh, tá castacht choibhneasta na ngnáthamh a bhaineann le fostú agus le briseadh as a bpost na foirne níos tábhachtaí ná an costas a bhaineann le forfheidhmiú conarthaí, atá níos lú ná an meánráta (27 % den éileamh le hais 20 % san AE).

Tá an tréimhse ama a theastaíonn le tús a chur le gnólacht[2] (13 lá), an t-am a theastaíonn le réadmhaoin a chlárú (38 lá) chomh maith le soláthar e-rialtais ar aon dul le meánrátaí EU-27.
Tugann na táscairí breise feidhmíocht le fios atá níos fearr ná an meán sa réimse seo, go háirithe na rátaí a thomhaiseann dolúbthacht na n-uaireanta oibre agus dolúbthacht na fostaíochta, a dhéanann cuid mhór níos fearr ná meánluachanna an AE.

V. Soláthar poiblí agus cabhair stáit

Is é an t-aon táscaire atá ar fáil ná: tá céatadán na cabhrach iomláine stáit a chuirtear i leataobh do na FBM ag 18 %, atá níos airde ná meánráta an EU-27, ag 11 %.

VI. Maoiniú

Tugann an líon (beag) táscairí atá ar fáil don phrionsabal AMG seo meánfheidhmíocht le fios, cé go bhfuil le fáil sa chatagóir táscairí ar féidir tátal éagsúil a bhaint as.
Tá an soláthar caipitil fhiontair de réir meánráta an AE, ag an gcéim tosaigh agus ag céim an leathnaithe, an t-innéacs faisnéise doimhneachta creidiúna agus an mheánmhoill íocaíochtaí. Tá an t-innéacs um láidreacht na gceart dlíthiúil níos fearr ná meánráta an AE (le scór de 8 le hais 6.6 sa mheán ar scála 0-10), ach tá an chuid de na cistí struchtúrtha atá beartaithe do spreagadh na fiontraíochta ar gcúl (ag 2 % le hais an mheánráta de 9 %).
Cé nach ngineann na táscairí breise cúlra críochnúil don phictiúr, cuireann siad feidhmíocht in iúl atá níos fearr ná an meán; níl fadhb chomh mór sin maidir le méid na níocaíochtaí nó líon na FBM a mbíonn orthu aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna ó thaobh rochtana maoinithe de níos lú ná mar a bhíonn le sonrú i dtíortha comhchéime de chuid an AE sa mheán.

VII. Margadh aonair

San iomlán tá figiúirí na hÉireann don phri-onsabal AMG seo níos airde ná meánmhéid EU-27.
Is é is cúis leis an toradh seo ná moill trasuímh treoracha atá níos giorra ná mar a bhíonn sa mheán (8 le hais 10 mí), agus an líon treoracha thar téarma atá níos lú ná an meán (ceann ar bith i 2008). Tá na táscairí eile, a thomhaiseann: céatadán na dtreoracha Margaí Aonair a dhéantar a thrasuíomh nó a fhógairt (99 %) agus cuid na n-allmhairí ón AE i líon iomlán na n-allmhairí (70 %), ar aon chéim le meánráta an AE.

VIII. Scileanna agus nuálaíocht

San iomlán cuireann na figiúirí atá ar fáil don phrionsabal AMG seo Éire i bhfad chun to-saigh ar mheánráta an EU-27. Baineann na príomhrudaí a spreagann an ghníomhachtáil seo le díolacháin ar líne agus gníomhaíochtaí ceannaigh agus líon na foirne FBM a bhfuil oideachas tríú leibhéal acu, sáraíonn siad seo ar fad an meánráta AE cuid mhór. Tacaítear leo ag táscairí a bhaineann leis an nuálaíocht, leithéidí an céatadán de FBM a bhfuil gníomhaíochtaí nuálaíochta ar siúl acu, céatadán na FBM a bhfuil nuálaíocht in-tí ar siúl acu, an líon FBM le hioncam ó tháirgí nó seirbhísí nua agus líon láimhdeachais na FBM ó tháirgí nó ó sheirbhísí nua; sáraíonn siad seo ar fad na meánrátaí AE.
Is é an t-aon táscaire atá ar gcúl an mheánráta AE sa chatagóir seo ná an líon FBM nuálaíoch a bhíonn ag comhoibriú le dreamanna eile sa daonra iomlán FBM, le figiúr de 6 % le hais 12 % don mheánráta AE.

IX. Timpeallacht

Ní sholáthraíonn an dá tháscaire atá ar fáil torthaí críochnúla. Tá an líon de na FBM a chuireann bearta simplí i bhfeidhm le fuinneamh a shábháil (41 %) níos airde ná meán-ráta an EU-27 (28 %). Os a choinne sin, tá líon na FBM a bhfuil córais chuimsitheacha acu don éifeachtúlacht fhuinnimh níos ísle ná meánráta an EU-27 (3 % le hais 4 %).

X. Idirnáisiúnú

San iomlán fágann na figiúirí atá ar fáil don phrionsabal AMG seo Éire os cionn an mheánráta EU-27, ach léiríonn táscairí aonair leibhéil éagsúla fheidhmíochta.
Tá an líon FBM a fhaigheann ioncam ó fhochomhlachtaí nó ó fhiontair thar lear (10 % le hais 5 %), agus tá céatadán na n-ionchur a ceannaíodh thar lear (35 % le hais 19 %) níos airde, cuid mhór, ná na meánrátaí faoi seach don EU-27.
Sáraíonn an t-am a theastaíonn le heaspórtáil (7 lá) meánlíon laethanta an AE – 11 lá, ach tá an líon laethanta a theastaíonn le hiompórtáil ag 14, de réir meánlíon an AE, 13 lá.
Go deireanach, tá cuid an láimhdeachais a ghintear ag na honnmhairí – 4 % – ar gcúl ar mheánlíon an AE atá ag 6 %.

[2] In Éirinn teastaíonn 13 lá le tús a chur le gnólacht, ach is é an meánlíon laethanta san EU-27 ná 17 lá (foinse: World Bank Doing Business 2009). Ba chóir tabhairt faoi deara go bhfuil an cinneadh seo éagsúil ó na figiúirí comhfhreagracha a fuarthas go díreach ó na Ballstáit; dá réir sin teastaíonn 2-5 lá in Éirinn (le figiúr comhfhreagrach don EU-27 ag 8-9 lá).

3. Éire: forbairtí i gcur i bhfeidhm AMG

Sa chuid seo cuirtear fianaise scéaltach i láthair faoi threochtaí táscairí aonair sna réimsí AMG éagsúla. Dála na dtíortha eile, mar gheall ar easpa sonraí, ní féidir measúnú ginearálta a sholáthar faoin dul chun cinn atá déanta ag leibhéal níos comhbhailithe.

I. Fiontraíocht

Sa tréimhse idir 2002 agus 2008 ní raibh patrún forbartha comhsheasmhach le tabhairt faoi deara sa tsraith ama a bhí ar fáil. D'athraigh an t-innéacs gníomhaíochta fiontraíochta iomlán (tomhaiste mar chéatadán den daonra aosach a bhunaigh gnólacht suas le 3.5 bliain ó shin nó atá i mbun a thionscnaimh anois) idir 7 % agus 9 % gan phatrún cinn-titheach. Bhí cóimheas na fiontraíochta deis go riachtanas ag dul in airde ó bhí 2003 ann, ag baint a uasmhéide amach i 2007, nuair a chuaigh an figiúr i laghad faoi 70 % i 2008.

II. Dara deis

Ní raibh athrú ar an gcostas agus ar an líon blianta a theastaigh le gnólacht a dhúnadh (9 % de luach an eastáit agus 0.4 bliain faoi seach). Tá an tréimhse a theastaíonn leis an ngnólacht a dhúnadh níos giorra ná aon áit eile san AE ar fad.

III. Smaoinigh beag ar dtús

Ní raibh aon sraith ama ar fáil d'Éirinn.

IV. Riarachán sofhreagrach

D'fhan mórchuid na dtáscairí atá ar fáil cobhsaí ó bhí 2005 ann, seachas an t-am agus an costas a theastaíonn le tús a chur le gnólacht. Tháinig feabhas suntasach ar an dá thascaire (ó 18 ó 13 lá agus ó 10.3 go 0.3 % den ioncam *per capita*).

V. Soláthar poiblí agus cabhair stáit

Mhéadaigh an céatadán cabhrach iomláine stáit a chuirtear ar leataobh do na FBM 0 % i 2000 go 18 % i 2007.

VI. Maoiniú

Bhí soláthar an chaipitil fhiontair luathchéime cobhsaí idir 2002 agus 2007. Bhí caipiteal fiontair na céime leathnaithe le fáil go flúirseach go luath sa tréimhse deich mbliana seo, ach ina dhiaidh sin cobhsaíodh an figiúr de réir leibhéal an AE.
Maidir le táscairí breise, lean an difríocht sna meánleibhéil ráta úis idir iasachtaí suas le EUR 1 milliún agus iasachtaí thar EUR 1 milliún orthu de bheith ag méadú, chomh maith le líon na n-íocaíochtaí caillte; baineadh an pointe ab airde amach i 2009.

VII. Margadh aonair

Mhéadaigh an líon iompórtála ón AE mar chuid de na hallm-hairí ar fad ó 62 % i 2003, ag baint 70 % amach i 2007 agus 2008.

VIII. Scileanna agus nuálaíocht

Tugann an tsraith ama atá ar fáil, ar ann dóibh do thrí chroíthascaire, tugann siad forbairtí dearfacha le fios faoin bprionsabal AMG seo. Mhéadaigh céatadán na bhfiontar a cheannaigh rudaí ar líne ó 23 % i 2003 go 54 % i 2008. Ag an am céanna mhéadaigh céatadán na bhfiontar a fuair orduithe ar líne le bliain fhéilire anuas, ó 14 % go 25 %. Mhé-adaigh líon na FBM a bhaineann úsáid as feidhmchláir e-fhoghlama le hoiliúint agus le hoideachas a chur ar fhostaithe ó 19 % i 2003 go 36 % i 2008.

IX. Timpeallacht

Ní raibh aon sraith ama ar fáil d'Éirinn.

X. Idirnáisiúnú

D'fhan an líon laethanta le honnmhairiú agus le hallmhairiú seasmhach idir 2006 agus 2009, ag 7 go 14 faoi seach.

4. Forbairtí polasaí 2007-2009

I 2007-2009, thionscain Éire gníomhaíochtaí i ngach réimse AMG, seachas sna réimsí 'Dara deis' agus 'Timpeallacht'. Is féidir go mbeadh baint ag roinnt gníomhaíochtaí le níos mó ná prionsabal amháin AMG. Ní luaitear gach beart ach uair amháin, áfach. Nuair a chuirtear beartais i láthair i bhfoirm pacáistí, m.sh. pacáiste athchóirithe ghinearálta, cuimsítear na heilimintí ábhartha faoin bprionsabal AMG is loighiciúla. Is iad na forbairtí beartais seo a leanas is tábhachtaí:

I. Fiontraíocht

Tá tionscnaimh píolótach nua, *Going for Growth*, ina shampla d'fhorbairt oiliúna atá dírithe ar na fiontraithe mná.
Tugadh isteach scéim chánach corparáidí agus díolúine caipitil 3 bliana do chomhlachtaí nua-thionscanta i 2009, agus leathnaíodh seo le go gcuimseofaí comhlachtaí nua-thionscanta nua i 2010.

II. Dara deis

Níor tuairiscíodh aon tionscnaimh bheartais.

III. Smaoinigh beag ar dtús

D'aithin an grúpa ardleibhéil faoi rialáil ghnó sábháil chostais riaracháin ar luach níos mó ná EUR 20 milliún don ghnó ina chéad tuarascáil, trí dhíothú an pháipéarachais, athbhreithniú na rialacha do ghnólachtaí beaga agus trí leas níos fearr a bhaint as seirbhísí ar líne. I dtús báire bhí níos mó ná 50 moladh ó ghnólachtaí le fáil i gclár oibre 2009 an ghrúpa. Rinneadh dul chun cinn cheana maidir le cúig cinn is fiche de na moltaí seo, i réimsí dlí na gcuideachtaí, dlí na fostaíochta agus cúrsaí sláinte agus sábháilteachta. Foilsíodh treoirlínte athbhreithnithe le haghaidh Anailísí Iarmhairte Rialála (AIR) ag an rialtas i Meitheamh 2009. Cuimsíonn siad treoir shonrach faoi thomhas na gcostas riaracháin agus comhlíonta a d'fhéadfadh a bheith i gceist, go háirithe maidir le cúrsaí fiontraíochta agus forbartha fiontraíochta.

IV. Riarachán sofhreagrach

Tá '*Knowledge Base*' – acmhainn chuimsitheach lárnach a chuimsíonn eolas gnó ábhartha, nuashonraithe agus a bhfuil an t-úsáideoir i gceannas uirthi, á cur ar bun. Tá sé le bheith ar fáil ar an teileafón agus trí mheán an Idirlín. Dearadh é le tacú le raon leathan cainéal fasnéise, leithéidí gníomhaireachtaí forbartha agus comhairleoirí eile gnó.
Tionscnaimh e-rialtais: is féidir gnólachtaí beaga a bhunú láithreach, mar thrádálaithe aonair nó mar chomhlachtaí teoranta, trí chlárú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (OCC). Tairiscíonn an OCC áiseanna do chlárú ar líne agus do chláruithe traidisiúnta bunaithe ar pháipéar. Ina theannta sin, ligeann an OCC do chomhlachtaí a gcuid cuntas bliantúil a chur isteach ar líne.

V. Soláthar poiblí agus cabhair stáit

Tá na treoirlínte nua beartais do chleachtais soláthair sa chéim chur i bhfeidhm faoi láthair. Tá sé d'aidhm acu rannpháirtíocht mhéadaithe FBM a spreagadh agus tairiscintí á ndéanamh do chonarthaí poiblí; cuirfidh siad iachall ar gach údarás tairisceana:

- Tairiscintí a roinnt suas, FBM a spreagadh agus nuálaíocht agus iomaíochas a chur chun cinn;
- Úsáid fhochonraitheoirí a spreagadh agus deiseanna fochonartha a dhéanamh níos feiceálaí;
- Fáilte a chur roimh thairiscintí chuibhreanais ó FBM sa tslí gur féidir le gnólachtaí beaga dul i ngleic le soláthair mhóra.

Ina theannta sin ní cheadaítear do na húdaráis chonartha earnála poiblí fiontair óga, nuálaíocha a eisiamh, agus ní mór dóibh seachaint úsáid riachtanas díréireach cáilíochtaí agus airgeadais ina gcuid doiciméad tairisceana.

VI. Maoiniú

D'athbhreithnigh na Boird Fhiontar Contae agus Cathrach (BFC) an tacar tacaí airgeadais atá ar fáil ag leibhéal an mhicrifhiontair. Is iad na cineálacha nua deontais ná deontais phrímeála, do na gnólachtaí sin atá ag trádáil níos lú ná 18 mí, deontais leathnaithe ghnó, do na gnólachtaí sin atá ag trádáil níos mó ná 18 mí, agus deontais féidearthachta/nuálaíochta.
Chuir an Rialtas feabhas, i mBuiséad 2007 (an tAcht Airgeadais 2007) ar na Scéimeanna Méadaithe Gnó agus Síolchaipitil: síniú a saolré, méadú san fhaoiseamh cánach atá ar fáil, méadú sa mhéid maoinithe ar féidir le comhlacht bailiú agus síneadh na scéimeanna chuig earnálacha breise tionscail. Ligeann an Scéim Mhéadaithe Ghnó (SMG) d'fhuilleamhóirí aonair faoiseamh cánach ioncaim a fháil ar infheistíochtaí i ngach bliain chánach agus is féidir go gcuirfear feabhas ar a gcumas maoiniú seachtrach eile a mhealladh.
Sheol Fiontraíocht Éireann, an ghníomhaireacht Stáit d'fhorbairt na FBM, a Scéim Shíolchaipitil agus Fhiontair 2007–2012; is é a chuspóir ná an tionscal caipitil fhiontair

a chumasú agus a fhorbairt tuilleadh in Éirinn le tacú le fiontraíocht agus le caipiteal riosca a sholáthar a chabhróidh leis na FBM teacht a bheith acu ar mhaoiniú. Tá EUR 175 milliún leithdháilte ag an rialtas cheana féin don Scéim.
Bunaíodh córas athbhreithnithe creidiúna ag John Trethowan, baincéir a bhfuil antaithí aige, agus a bhfuil tiomantas léirithe aige don tseirbhís phoiblí agus shóisialta, le cinntiú go mbeadh fáil ag na FBM, na trádálaithe aonair, agus na fiontair fheirme ar athbhreithniú neamhspleách, seachtrach ar shocruithe diúltaithe chreidmheasa na mbanc. Chomh maith le plé le cásanna aonair, scrúdóidh an córas athbhreithnithe creidiúna beartais agus cleachtais chreidiúna na mbanc do gach earnáil FBM, scrúdú a rachaidh i bhfeidhm ar ghníomhaíocht bhreise ar féidir go mbeidh gá léi leis an sreabhadh creidiúna a chinntiú.

VII. Margadh aonair

Tá Forfás, an bord náisiúnta comhairleach beartais, ag obair le comhlachtaí ón earnáil phríobháideach le córas éascaithe trádála comhtháite '*Single Window*' a fhorbairt d'Éirinn, córas a dhéanfadh riar na trádála idirnáisiúnta a shimpliú.

VIII. Scileanna agus nuálaíocht

Soláthraítear an tionscnamh Tech Check, atá á dhíriú ar na fiontair bheaga, ag gréasán na mBord Fiontair Chontae agus Chathrach (ar tháille beag). Ligeann sé do na gnólachtaí athbhreithniú neamhspleách a bheith acu ar an teicneolaíocht fhaisnéise a mbaineann siad úsáid aisti, agus le moltaí feabhais a fháil.
Sheol FÁS (an ghníomhaireacht náisiúnta oiliúna agus fhostaíochta) tionscnamh Forbartha Bainistithe na FBM ar 25 Meitheamh 2008, agus tá sé dírithe ar an ngá atá ann le go mbeadh gnólachtaí ag forbairt scileanna a lucht saothair (le feabhas a chur ar tháirgiúlacht agus ar iomaíochas). Deartar na cláir oiliúna le díriú ar riachtanais fáis reatha agus ionchais FBM na hÉireann. I dtús báire leithdháileadh buiséad de thart ar EUR 10 milliún le hoiliúint a chur ar thart ar 8 000 rannpháirteach.

IX. Timpeallacht

Níor tuairiscíodh aon tionscnaimh bheartais.

X. Idirnáisiúnú

Ar 7 Aibreán 2009 bhunaigh an Rialtas an Ciste Cobhsaíochta Fiontar a raibh luach de EUR 100 milliún i gceist leis (EUR 50 milliún i 2009 agus EUR 50 milliún i 2010), ar aidhm leis cabhrú le comhlachtaí a bhíonn ag trádáil go hidirnáisiúnta atá inmharthana ach freisin leochaileach, cabhrú leo teacht tríd an cur chun donais reatha domhanda. Cuirtear an maoiniú ar fáil trí scaireanna tosaíochta go príomha, ar féidir iad a íoc ar ais tar éis 5 bliana agus ag ráta cúpóin de 3%, go minic. Tá comhlachtaí ó na hearnálacha déantúsaíochta agus/nó seirbhísí a ndéantar trádáil iontu go hidirnáisiúnta i dteideal cabhair a fháil, a measann Fiontraíocht Éireann go bhfuil plean gnó ciallmhar acu atá inmharthana ó thaobh airgeadais de sa mheántéarma.
Ar 14 Aibreán 2009, d'fhaomhaigh an Coimisiún Eorpach an scéim faoina Creatlach Shealadach faoi chabhair Stáit.
Ar 6 Lúnasa 2009, thionscain an Rialtas an Scéim Fhóirdheontais Fhostaíochta Sealadaí le tacú le coimeád post i bhfiontair onnmhairithe atá inmharthana. Le bheith incháilithe ní mór go measfaí go bhfuil na fiontair leochaileach sa suíomh eacnamaíoch reatha ach go bhfuil siad inmharthana sa mheántéarma nó san fhadtéarma agus go dtagann siad ó na hearnálacha déantúsaíochta agus/nó seirbhísí a ndéantar trádáil iontu go hidirnáisiúnta. Cuirfidh an Scéim fóirdheontas ar fáil de EUR 9 100 in aghaidh an fhostaí, atá iníoctha le comhlacht, le duine a choimeád fostaithe ar feadh tréimhse 15 mhí. Le linn an ama sin leanfadh an comhlacht air de bheith ag íoc a ngnáth-thuarastal do na fostaithe. Tá luach de EUR 250 milliún ag an mbuiséad agus bainistítear é ag Fiontraíocht Éireann.

5. Dea-chleachtas

Le hiarrachtaí an rialtais chun na FBM a chur chun cinn a léiriú déantar faisnéis staitisticiúil na bileoige eolais a shaibhriú ag sampla dea-chleachtais i mbeartas na FBM.

Sampla dea-chleachtais i mbeartas FBM na hÉireann

Teideal na scéime: Dearbháin Nuálaíochta. Tugadh an tionscnamh nua seo isteach ag Fiontraíocht Éireann i Mí Mhárta 2007. Is féidir le gnólachtaí beaga dearbhán nuálaíochta a úsáid (a bhfuil luach de EUR 5 000 air) le comhairle agus le saineolas thábhachtacha a fháil i réimse na nuálaíochta ó liosta comhairleoirí creidiúnaithe.

Is í príomhaidhm an tionscnaimh seo ná naisc a chruthú idir soláthróirí eolais phoiblí na hÉireann agus na FBM le hathrú cultúrtha a chruthú i gcur chuige phobal na ngnólachtaí beaga i leith na nuálaíochta.
Tá gach comhlacht teoranta beag a bhfuil uimhir chláraithe chomhlachta aige i dteideal iarratas a chur isteach ar Dhearbhán Nuálaíochta. Do chuspóirí an Tionscnaimh Dhearbhán Nuálaíochta, sainmhínítear fiontar beag mar chomhlacht nó (más cuid de ghrúpa é) grúpa comhlachtaí mar a bhfuil an líon iomlán fostaithe lánaimseartha sa chomhlacht (nó sa ghrúpa ar fad) níos lú ná 50 agus cé acu tá láimhdeachas agus/nó clár comhardaithe iomlán bliantúil aige nach sáraíonn EUR 10 milliún. (Eisiaimh: tá fiontair bheaga sna hearnálacha iompair agus talmhaíochta eisiata de réir treoirlínte cabhrach an stáit.)

Aguisín I: Táscairí roghnaithe AMG d'Éirinn

Baineann gach toise sa chairt radair a chuirtear i láthair i gcuid 2 le ceann de 10 bprionsabal an Achta Mhionghnóthaí. Bailíonn gach prionsabal AMG le chéile na táscairí staitisticiúla is déanaí atá ar fáil, a mhíníonn an luach atá leis an bprionsabal sin. Tá an chairt cosúil leis an gceann a foilsíodh i 2008, ach críochnaíodh í le táscairí breise agus rinneadh í a nuashonrú le sonraí níos suas-chun-dáta. Rinneadh iarracht na sonraí is déanaí a úsáid i gcónaí, rud a chiallaíonn sonraí a thagraíonn don bhliain 2008, de ghnáth. Ba é an comhchuibhiú (comparáideacht ar fud na dtíortha) an príomhriachtanas a bhí i gceist le go gcuirfí na táscairí isteach. Tagann na táscairí, mar sin de, ó raon éagsúil foinsí idirnáisiúnta (féach thíos, le do thoil), seachas ó institiúidí náisiúnta staitisticí. Ina theannta sin, le go gcáileodh sé mar phrionsabal AMG, ní mór go mbeadh táscaire ar fáil cé acu d'íoslíon tíortha nó go gclúdódh sé íoschéatadán FBM i ngach tír. Feach, le do thoil, an nóta Modheolaíoch ar shuíomh gréasáin AS na Fiontraíochta agus na Tionsclaíochta le tuilleadh sonraí a fháil faoin modheolaíocht a chuirtear i bhfeidhm. Cuirtear cur síos mionsonraithe ar gach athróg agus a gcuid foinsí i láthair ansin freisin.

Táscaire		Luach uimhriúil is déanaí na tíre	Meán AE an luacha uimhriúil*	Bliain thagartha do luach na tíre	Foinse
I. FIONTRAÍOCHT					
1.1	Mian bheith féinfhostaithe	37.00	30.71	2007	Splancshuirbhé Eorabharaiméadair 192
1.2	Ráta rannpháirtíochta san oideachas fiontraíochta	43.30	32.33	2007	Splancshuirbhé Eorabharaiméadair 192
1.3	Fiontraíocht mar dheis	68.00	57.48	2007	Splancshuirbhé Eorabharaiméadair 192
1.4	Ráta fiontraíochta: céatadán a thosaigh gnólacht atá fós gníomhach, nó atá i mbun a bhunaithe	25.00	23.72	2007	Splancshuirbhé Eorabharaiméadair 192
1.5	An méid a raibh an t-oideachas scoile ina chabhair le dearcadh fiontraíochta a fhorbairt (%)	55.10	52.77	2007	Splancshuirbhé Eorabharaiméadair 192
1.9	Ráta marthana fiontair	n/b	70.94	n/b	Bunachar Sonraí Déimeagra-faíochta Gnó Eurostat
1.10	Ráta breithe fiontair	11.60	10.37	2007	Bunachar Sonraí Déimeagra-faíochta Gnó Eurostat
1.11	Cuid na bhfiontar ardfháis (% an iomláin)	n/b	4.30	n/b	Eurostat
1.12	Ráta úinéireachta gnólachta: Earnáil phríobháideach seachas talmhaíocht, sealgaireacht, foraoiseacht agus iascaireacht	0.12	0.11	2007	Taighde Gnó & Beartais EIM
1.13	Innéacs na Gníomhaíochta Fiontraíochta Iomláine	7.59	5.85	2008	Monatóir Domhanda Fiontraíochta
1.16	Cóimheas na fiontraíochta deis go riachtanas	4.15	6.24	2008	Monatóir Domhanda Fiontraíochta
II. DARA DEIS					
2.1	Céim na tacaíochta do cheadú na dara deise (% i bhfábhar)	87.00	79.80	2007	Splancshuirbhé Eorabharaiméadair 2007 faoin bhFiontraíocht
2.2.	Costas (% an eastáit) le gnólacht a dhúnadh	9.00	10.72	2009	Tionscadal an Bhainc Dhomhanda, 'Doing Business'
2.3.	Líon na mblianta le gnólacht a dhúnadh	0.40	2.09	2009	Tionscadal an Bhainc Dhomhanda, 'Doing Business'

Táscaire		Luach uimhriúil is déanaí na tíre	Meán AE an luacha uimhriúil*	Bliain thagartha do luach na tíre	Foinse
III. SMAOINIGH BEAG AR dTÚS					
3.1	Cuid na tacaíochta i measc na FBM do na rialacháin reatha	56.00	34.33	2007	Faireachlann FBM na hEorpa
3.2	Tréimhse a theastaíonn leis na dualgais riaracháin a chomhlíonadh (% am oibre iomlán na FBM)	4.00	7.48	2007	Faireachlann FBM na hEorpa
3.3	Fadhbanna le rialacháin riaracháin	28.30	32.68	2007	Faireachlann FBM na hEorpa
IV. RIARACHÁN SOFHREAGRACH					
4.1	Líon na laethanta le gnólacht a thosú	13.00	17.20	2009	Tionscadal an Bhainc Dhomhanda, 'Doing Business'
4.2	Costais a theastaíonn le gnólacht a thosú (% den ioncam *per capita*)	0.30	5.21	2009	Tionscadal an Bhainc Dhomhanda, 'Doing Business'
4.6	Costas (% de luach na réadmhaoine) le réadmhaoin a chlárú	9.60	4.54	2009	Tionscadal an Bhainc Dhomhanda, 'Doing Business'
4.7	Forfheidhmiú na gconarthaí – costas (% den éileamh)	26.90	19.80	2009	Tionscadal an Bhainc Dhomhanda, 'Doing Business'
4.8	Soláthar E-rialtais (taobh an tsoláthair) – Soláthar E-Rialtais ar líne	50.00	59.48	2007	Eurostat
4.10	Líon na nósanna imeachta le gnólacht a thosú	4.00	6.16	2009	Tionscadal an Bhainc Dhomhanda, 'Doing Business'
4.14	Líon na nósanna imeachta le gnólacht a thosú	5.00	5.16	2009	Tionscadal an Bhainc Dhomhanda, 'Doing Business'
4.15	Líon na laethanta le réadmhaoin a chlárú	38.00	61.12	2009	Tionscadal an Bhainc Dhomhanda, 'Doing Business'
V. SOLÁTHAR POIBLÍ AGUS CABHAIR STÁIT					
5.1	Cuid na FBM i dtéarmaí luach na gconarthaí soláthair phoiblí	n/b	n/b	2005	Tuarascáil CE
5.2	Cion na cabhrach iomláine Stáit a dháiltear ar na FBM	18.00	10.60	2007	Scórchlár cabhrach stáit
VI. MAOINIÚ					
6.1	Caipiteal fiontair – luathchéim le hais OTI	0.02	0.02	2007	ECVA
6.2	Caipiteal fiontair – céim leathnaithe le hais OTI	0.04	0.08	2007	ECVA
6.3	Méid na ráthaíochtaí do na FBM (le hais OTI)	n/b	0.24	n/b	Innéacs maoinithe fhiontair
6.4	Ag fáil creidmheasa: Treise innéacs na gceart dlíthiúil (0-10)	8.00	6.64	2009	Tionscadal an Bhainc Dhomhanda, 'Doing Business'
6.5	Ag fáil creidmheasa: Doimhneacht innéacs na faisnéise creidmheasa (0-6)	5.00	4.52	2009	Tionscadal an Bhainc Dhomhanda, 'Doing Business'
6.6	Difríocht sna leibhéil ráta úis idir iasachtaí suas le EUR 1 milliún agus iasachtaí thar EUR 1 milliún	0.91	1.00	2009	Staitisticí ráta úis BCE IAA
6.9	Meánmhoill sna híocaíochtaí (cuid % na meánlaethanta conartha)	16.00	16.41	2009	Intrum Justitia
6.10	Cuid na n-íocaíochtaí caillte (% an iomláin)	2.00	2.50	2009	Intrum Justitia
6.11	Cuid na FBM a raibh fadhb acu maidir le rochtain ar mhaoiniú	17.60	21.06	2007	Faireachlann FBM na hEorpa

Táscaire		Luach uimhriúil is déanaí na tíre	Meán AE an luacha uimhriúil*	Bliain thagartha do luach na tíre	Foinse
VII. MARGADH AONAIR					
7.1	Meánmhoill trasuímh do threoracha thar téarma – i míonna	7.70	9.86	2008	AS AN MHARGAIDH
7.2	Treoraíodh margaidh aonair – % a trasuíodh nó a fógraíodh	99.00	98.96	2008	Scórchlár margaidh inmheánaigh
7.3	Líon na dtreoracha atá 2 bhliain thar téarma	0.00	2.28	2008	Scórchlár margaidh inmheánaigh
7.4	Cuid na FBM a bhíonn ag onnmhairiú taobh istigh den AE chuig gach FBM (i dtéarmaí líon na bhfiontar)	n/b	0.03	n/b	Clár píolótach trádála seachtraí
VIII. SCILEANNA AGUS NUÁLAÍOCHT					
8.1	Céatadán na bhfiontar a cheannaigh ar líne le bliain fhéilire anuas (FBM: idir 10-250 fostaí)	54.00	23.52	2008	Eurostat, eolaíocht agus teicneolaíocht
8.2	Céatadán na bhfiontar a fuair orduithe ar líne le bliain fhéilire anuas (FBM: idir 10-250 fostaí)	25.00	12.81	2008	Eurostat, eolaíocht agus teicneolaíocht
8.3	FBM atá i mbun nuálaíochta in-tí, mar chéatadán de líon iomlán na FBM (10-250 fostaí)	38.80	30.33	2006	EUROSTAT, CIS
8.4	Fiontair a thug isteach nuálaíocht eagraíochtúil agus/nó mhargaíochta, mar chéatadán de líon iomlán na FBM (10-250 fostaí)	n/b	27.28	roimh 2005	EUROSTAT, CIS
8.5	FBM nuálaíochta a bhíonn ag comhoibriú le dreamanna eile, mar chéatadán de líon iomlán na FBM (10-250 fostaí)	6.50	11.62	2006	EUROSTAT, CIS
8.6	FBM le gníomhaíochtaí nuálaíochta (10-250 fostaí)	46.10	35.59	2006	EUROSTAT, CIS
8.7	Cuid de na FBM a bhfuil táirgí nua acu nó ioncam ó tháirgí nua	72.30	63.77	2007	Faireachlann FBM na hEorpa
8.8	Cuid de láimhdeachas na FBM ó tháirgí agus ó sheirbhísí atá nua nó ar cuireadh feabhas suntasach orthu	16.00	12.30	2007	Faireachlann FBM na hEorpa
8.9	Cuid d'fhoireann na FBM ar cuireadh oideachas tríú leibhéal orthu	48.00	30.44	2007	Faireachlann FBM na hEorpa

Táscaire	Luach uimhriúil is déanaí na tíre	Meán AE an luacha uimhriúil*	Bliain thagartha do luach na tíre	Foinse
IX. TIMPEALLACHT				
9.1 % Cuid na FBM a bhfuil córais chuimsitheacha acu le haghaidh na héifeachtúlachta fuinnimh	3.00	4.26	2007	Faireachlann FBM na hEorpa
9.2 % Cuid na FBM a chuireann bearta simplí i bhfeidhm le fuinneamh a shábháil	41.00	28.44	2007	Faireachlann FBM na hEorpa
X. IDIRNÁISIÚNÚ				
10.1 Cuid an láimhdeachais ó ollmhairiú (% den iomlán)	4.20	5.58	2006	Faireachlann FBM na hEorpa
10.2 Cuid na FBM a fhaigheann aon ioncam ó fhochuideachtaí agus/nó comhfhiontair thar lear (%)	10.00	4.76	2006	Faireachlann FBM na hEorpa
10.4 Líon na laethanta a theastaíonn le honnmhairiú	7.00	11.25	2009	Tionscadal an Bhainc Dhomhanda, 'Doing Business'
10.5 Líon na laethanta a theastaíonn le hallmhairiú	14.00	13.44	2009	Tionscadal an Bhainc Dhomhanda, 'Doing Business'
10.6 Cuid na FBM a bhíonn ag onnmhairiú taobh amuigh den EU-27 chuig gach FBM (i dtéarmaí líon na bhfiontar)	n/b	n/b	n/b	Clár píolótach trádála seachtraí
10.10 Fiontair FBM a raibh aon allmhairithe féin acu i 2006-2008	37.12	39.17	2008	Staidéar AS FIONTR. faoi Idirnáisiúnú na FBM
10.11 Fiontair FBM a raibh aon onnmhairithe díreacha acu i 2006-2008	23.46	27.13	2008	Staidéar AS FIONTR. faoi Idirnáisiúnú na FBM
10.12 Fiontair FBM a d'infheistigh thar lear i 2006-2008	4.74	3.68	2008	Staidéar AS FIONTR. faoi Idirnáisiúnú na FBM

Nóta: Cuimsíonn na táscairí roghnúcháin thuasluaite sampla de na sonraí a úsáidtear leis an gcairt radair a chruthú don tír seo. Baineadh úsáid as mórchuid na dtáscairí thuasluaite – ach ní astu ar fad – leis na meáin choda a áireamh a leagtar béim orthu sa chairt. Ba chóir tabhairt faoi deara nach bhfuil luachanna a nuashonraítear go bliantúil ar fáil do na táscairí ar fad.